



# Cúrsaí dornálaíochta

*Nuacht TG4 (Leibhéal B2)*

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin dornálaíocht. Pléigh na ceistanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An maith leat an dornálaíocht? Cén fáth?
2. An bhfuil aon spórt nach maith leat ar chor ar bith? Cén fáth?
3. An duine aclaí thú? Mínigh.
4. An bhféachann tú ar spórt ar an teilifís?
5. An mbeidh tú ag féachaint ar an gCorn Domhanda i mbliana? Cén fáth?



# B: FOCLÓIR

---

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

toing and froing: \_\_\_\_\_

Championships: \_\_\_\_\_

to do so, to do the same: \_\_\_\_\_

for want of money: \_\_\_\_\_

medal: \_\_\_\_\_

challenge: \_\_\_\_\_

awfully, decidedly: \_\_\_\_\_

bronze: \_\_\_\_\_

looking forward to: \_\_\_\_\_

best endeavour: \_\_\_\_\_

2. Féach ar an mír anois agus aimsigh na focail thuas inti. Tar éis féachaint amháin, déan cur síos ar ábhar na míre don duine in aice leat. Bain úsáid as na focail thuas agus tú ag caint.
3. Tá Máire Mhic Ceallaigh ceithre bliana is trí scór. Scríobh a haois i bhfigiúirí.

### C: TUISCINT

---

a) Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a raibh go leor siar is aniar ann maidir le lúthchleasaithe na hÉireann ag glacadh páirt i gCraobh an Domhain?
2. Cé mhéad lúthchleasaí a bheidh ag dul chun na Spáinne?
3. Cé mhéad bonn a bhuaigh foireann na hÉireann ag Craobh na hEorpa? Cad a bhuaigh Clíona D'Arcy?
4. Cad a bhí le rá ag Clíona faoina bheith ag dul go dtí an Spáinn?

b) Féach ar an mír arís agus críochnaigh na habairtí:

- Rinne an fhoireann gaisce mór ar ndóigh níos luaithe sa mbliain ag na Craobhacha Eorpacha  
\_\_\_\_\_.
- Trí bhonn óir, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha a thug  
\_\_\_\_\_.
- Tá mé ag tnúth go mór leis an gcomórtas agus  
\_\_\_\_\_.

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.



## E: CUMARSÁID

### 1: Scríobh (Ócáidí spóirt)

- a) Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Féachaigí ar an bpóstaer agus cumaigí ceisteanna le chéile chun an t-eolas ar fad atá air a fháil. Mar shampla: *Cén spórt atá ann?*



An spórt  
An cineál comórtais  
An lá  
An dáta  
An seoladh  
Na foirne, na daoine  
An praghas ar thicéad



- b) Anois, cuirigí póstaer eile le chéile, cosúil leis an gceann thuas, ach a mbeidh eolas difriúil air. Ba cheart go mbeadh na nithe sa bhosca thuas ar an bpóstaer.

### 2: Caint

Bí ag labhairt leis na grúpaí eile agus cuirigí ceisteanna orthu faoina bpóstaer. Bainigí úsáid as na ceisteanna a scríobh sibh faoi **Scríobh**.

# AN SCRIPT

---

### Ruairí Mac an Iomaire

Cúrsaí dornálaíochta ar dtús tráthnóna, a chairde. Agus, tar éis mórán siar agus aniar le mí nó dhó anuas, taistealóidh foireann iomlán de bheirt lúthchleasaí is fiche chun na Spáinne Dé Sathairn, le páirt a ghlacadh i gCraobhacha Domhanda faoi ocht mbliana déag d’aois. Rinne an fhoireann gaisce mór ar ndóigh níos luaithe sa mbliain<sup>1</sup> ag na Craobhacha Eorpacha agus tá súil acu amhlaidh a dhéanamh arís as seo go ceann coicíse. Tá bóthar fada curtha díobh ag foireann dornálaíochta faoi ocht mbliana déag na hÉireann, ó bhuaigh siad ocht gcinn de bhoinn ag Craobhacha na hEorpa i mí Aibreáin. Iad ag ullmhú do Chraobhacha an Domhain sa Spáinn, é ráite leo ansin ag an IABA nach seolfaí ach leathfhoireanncheal airgid. Dúradh ansin leo nach mbeadh aon fhoireann ar chor ar bith ag taisteal de bharr baghcait. Ach, sa deireadh, ní hamháin go bhfuil iomaitheoirí ar leith anois ag taisteal, ach an fhoireann iomlán, de bhreis is scór. Ina measc siúd atá freisin ag taisteal tá Clíona D’Arcy na Gaillimhe, a bhuaigh bonn óir Eorpach in Sofia agus atá ag súil anois croitheadh ceart a thabhairt don dúshlán domhanda.

### Clíona D’Arcy, Curadh Dornálaíochta F18 na hEorpa

Táim thar a bheith sásta go bhfuil muid ag dul anois. Bhí muid ag traenáil gach deireadh seachtaine ón am nuair a chlos<sup>2</sup> muid an cinneadh a bhí déanta ag an IABA agus bhí mé ag spearáil thuas<sup>3</sup> i gCaisleán an Bharraí le beirt chailíní<sup>4</sup> agus rinne mé traenáil, campa traenála thuas in Éadan Doire freisin. Tá foireann mhaith againn agus réitíonn gach duine go han-mhaith lena chéile agus tá spiorad iontach thuas ag traenáil gach deireadh seachtaine ón am a dúirt siad go raibh muid ag dul. Tá gach duine sásta leis.

### Ruairí Mac an Iomaire

Trí bhonn óir, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha a thug an fhoireann abhaile ón mBulgáir níos luaithe sa mbliain. Ach, is céim mhór eile iad na Craobhacha Domhanda. Mar sin féin, ní gan dóchas atá Clíona agus an chuid eile den fhoireann ag taisteal.

### Clíona D’Arcy, Curadh Dornálaíochta F18 na hEorpa

Táim ag tnúth go mór leis an gcomórtas agus táim thar a bheith sásta go bhfuil muid ag dul ann. Táim réidh leis anois don dornálaíocht. Tá muid go léir ag féachaint ar an mbonn óir ach seo mo chéad uair ag dul amach go dtí comórtas mar seo. Tá mé chun mo dhícheall a dhéanamh chun féachaint ar gach comórtas mar a thagann siad agus mo dhícheall a dhéanamh.

### Ruairí Mac an Iomaire

Ar ndóigh, ní féidir níos mó ná sin a dhéanamh.

---

<sup>1</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh ‘sa’.

<sup>2</sup> chlos = leagan canúnach de ‘chuala’

<sup>3</sup> ‘suas’ a dúradh

<sup>4</sup> ‘dhá chailíní’ a dúradh

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Bí ag éisteacht agus ag cuidiú leo le linn na cainte.

### B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

toing and froing	siar is aniar
Championships	Craobhacha
to do so, to do the same	amhlaidh a dhéanamh
For want of money	cheal airgid
medal	bonn
challenge	dúshlán
awfully, decidedly	thar a bheith
bronze	cré-umha
looking forward to	ag tnúth
best endeavour	dícheall

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a aimsiú sa mhír. Abair le gach beirt ansin cur síos a dhéanamh dá chéile ar ábhar na míre.

3. 64.

### C: TUISCINT

1. Féach an script.

2. Féach:

- Rinne an fhoireann gaisce mór ar ndóigh níos luaithe sa mbliain ag na Craobhacha Eorpacha **agus tá súil acu amhlaidh a dhéanamh arís as seo go ceann coicíse.**
- Trí bhonn óir, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha a thug **an fhoireann abhaile ón mBulgáir níos luaithe sa mbliain.**
- Tá mé ag tnúth go mór leis an gcomórtas agus **tá mé thar a bheith sásta go bhfuil muid ag dul ann.**

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite, briathra mírialta)

Féach:

Déan	An ndearna...?	Rinne	Ní dhearna
Abair	An ndúirt...?	Dúirt	Ní dúirt
Beir	Ar rug...?	Rug	Níor rug
Bí	An raibh...?	Bhí	Ní raibh
Clois	Ar chuala...?	Chuala	Níor chuala
Faigh	An bhfuair...?	Fuair	Ní bhfuair
Feic	An bhfaca...?	Chonaic	Ní fhaca
Ith	Ar ith...?	D'ith	Níor ith
Tabhair	Ar thug ...?	Thug	Níor thug
Tar	Ar tháinig...?	Tháinig	Níor tháinig
Téigh	An ndeachaigh...?	Chuaigh	Ní dheachaigh

### 2: Cruinneas gramadaí (tréimhsí ama)

go ceann – for, for the duration of (Ní bheidh sé san oifig go ceann seachtaine)  
i gceann – in, at the end of the time (Beidh sé ar ais san oifig i gceann seachtaine)  
ar feadh – for, during, throughout (Bhí sé tinn ar feadh seachtaine)  
le ... anuas – for ... now (Tá mé ag obair san oifig nua le mí anuas)

### Cumarsáid

#### 1: Scríobh

Roinn an rang i ngrúpaí arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag cur póstaer le chéile. Léigh tríd an bpóstaer samplach agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag cruthú póstaer eile díreach cosúil leis an gceann sin ach le heolas eile air. Caithfidh an t-eolas ar fad atá ar an liosta a bheith ar an bpóstaer. Nuair a bheidh sin déanta acu abair leo go mbeidh siad ag cur ceisteanna ar na grúpaí eile sa rang faoin bpóstaer a dhear siadsan. Abair leo na ceisteanna cuí a scríobh amach ar dtús. Ceisteanna samplacha:

Cén spórt atá ann?  
Cén cineál comórtais atá ar siúl?  
Cén lá / Cathain a bheidh sé ar siúl?  
Cén dáta atá ann?  
Cá mbeidh an cluiche / comórtas ar siúl?  
Cé a bheidh ag imirt?  
Cé mhéad atá ar thicéad?

#### 2: Caint

Abair leo ansin na ceisteanna a chum siad faoi **Caint** a chur ar na grúpaí eile faoina bpóstaer.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Lárionad  
na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscoláilochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

